

Réamhráiteas

Cuireadh an polasaí seo le chéile ag cruinnithe foirne sa scoilbhliain 2006-2007. Bhí an fhoireann múinteoireachta go léir páirteach ann.

Réasúnaíocht

Bhí sé riachtanach polasaí measúnaithe a chur le chéile ag an am seo chun cur síos a dhéanamh ar chleachtas na scoile maidir le measúnú agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcleachtas sin chun a chinntiú go bhfuil na treoirlínte in imlitir 0138/2006 curtha i gcrích.

Gaol le spiorad saineúil na scoile

Cuirfidh gníomhaíochtaí measúnachta a úsáidtear sa scoil seo le foghlaim agus forbairt daltaí:

- trí mhonatóireacht a dhéanamh ar dul chun cinn an pháiste sna ábhair éagsúla i dtreo is go mbeidh an scoil in ann seirbhísí tacaíochta cuí a sholáthar
- trí ghafacht agus trí ghnóthachtáil iomlán daltaí i réimse curaclaim a mheas.

Aidhmeanna

Is mian leis an scoil na haidhmeanna seo a leanas a bhaint amach:

- Cur le foghlaim daltaí
- Monatóireacht a dhéanamh ar phróisis foghlama
- Sonraí bonnlíne a chruthú gur féidir a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar ghnóthachtáil nó dul chun cinn thar am
- Deis a thabhairt do thuismitheoirí agus daltaí a bheith páirteach in ábaltachtaí nó deacrachtaí foghlama a aithint agus a bhainistiú
- Cuidiú le pleanáil fhadthéarmach agus ghearrthéarmach múinteoirí
- Nósanna imeachta measúnachta a chomhordú ar bhonn na scoile uile.

Treoirlínte

A Cuspóirí na measúnachta:

- Faisnéis/eolas a sholáthar do phleanáil agus clúdach na réimsí curaclaim uile
- Na riachtanais foghlama ar leith atá ag daltaí/grúpaí daltaí a aithint, daltaí atá an-éirimíúil san áireamh
- Cur le straitéis na scoile chun deacrachtaí foghlama a chosc
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus gnóthachtáil daltaí
- A chur ar chumas múinteoirí a gcláir féin a chur in oiriúint, le cinntiú go bhfuil aghaidh á thabhairt ar riachtanais fhoghlama ar leith daltaí/grúpaí aonair
- Cuntas a chur le chéile de dhul chun cinn agus gnóthachtáil daltaí aonair
- Cumarsáid idir thuismitheoirí agus mhúinteoirí faoi fhorbairt, dul chun cinn agus riachtanais foghlama na ndaltaí a éascú
- Rannpháirtíocht na ndaltaí i measúnacht ar a gcuid oibre féin a éascú
- A chur ar chumas múinteoirí monatóireacht a dhéanamh ar na cuir chuige agus modheolaíochtaí atá in úsáid acu féin.

B Measúnacht ar fhoghlaim: *(Féach na pleananna do na hábhair curaclaim)*

- Úsáidtear na modhanna measúnachta neamhfhoirmiúla seo a leanas sa scoil:
 - Breathnóireacht múinteoirí
 - Tascanna agus tástálacha deartha ag múinteoirí
 - Samplaí oibre, portfóilíonna agus tionscadail.
- Cuirtear na modhanna measúnachta in oiriúint don leibhéal aoise agus don ábhar.
- Tá na modhanna measúnachta in úsáid sa scoil mar iomlán. Is féidir le múinteoirí aonair modhanna measúnachta eile a roghnú.
- Sa chás go bhfuil an mheasúnacht bunaithe ar bhreathnóireacht an mhúinteora is féidir seicliostaí agus próifílí mar uirlis taifeadtha.

- Cuireann múinteoirí portfóilíonna de thascanna daltaí, samplaí oibre, tionscadail agus ar uile le chéile. Cuirtear abhaile iad ag deireadh na scoil bliana.
- Déileálann plean na scoile le measúnacht do gach ábhar curaclaim.
- Is iad na hábhair a bhfuil tascanna / tástálacha atá deartha ag múinteoirí in úsáid iontu ná: Gaeilge, Béarla, Mata, OSIE, OSPS, Na hAmharcealaíona. Úsáidtear na tascanna / tástálacha seo ag deireadh aonad oibre.
- Sa scoil bhliain 2014-2015, tá na Naíonáin Shóisearacha chun 'Leabhar Scrap' a thosnú. Baileofar dhá pháosa oibre in aghaidh na bliana do gach bhliain sa scoil, do gach páiste.
- Déanann leanaí measúnacht ar a gcuid oibre/dul chun cinn féin sna bealaigh seo a leanas:
 - Caint faoi obair bhaile / obair ranga
 - Ceartúchain a dhéanamh
 - Céard ba mhaith leat a athrú an chéad uair eile
 - Labhairt faoin obair a rinne siad
 - Plé beirte
 - Dréachtadh
 - Profaí a léamh
 - Córas - réaltaí agus mianta. Réaltaí – rudaí a bhí go maith; mianta – rudaí le feabhsú.

C Tástálacha caighdeánaithe

- Úsáidtear na tástálacha caighdeánaithe seo a leanas sa scoil:
Béarla – Micra-T (Rang a hAon go dtí Rang a Sé)
Mata – Sigma T (Rang a hAon go dtí Rang a Sé)
Gaeilge – Drom Chonrach (Rang a Dó go dtí Rang a Sé)
- Tá an príomhoide tánaisteach freagrach as ceannach, dáileadh agus comhordú tástála.
- Riarann an fhoireann na tástálacha caighdeánaithe.
- Cuirtear i láthair na scrudaithe ag deireadh na scoil bliana - samhradh.
- Muna bhfuil na tástálacha feiliúnach do gach dalta – m.sh. daltaí ón iasacht, daltaí le deacrachtaí teanga/foghlama, baill den lucht siúil... - úsáidfear triallacha aonaracha leis na daltaí sin. Déanfaidh an múinteoir thacaíocht foghlama nó an múinteoir acmhainne freastal ar dhaltaí nach ndéanann tástála lena gcomhdhaltaí.
- Déantar taifead ar na torthaí seo a leanas sna triallacha Béarla - lomscór, scór caighdeánach, ord peircintíle, sten agus aois léitheoireachta. Tá cur chuige comhionann sna ranganna uile.
- Déanann an múinteoir ranga anailís ar na torthaí dá rang féin. Pléitear na torthaí leis an múinteoir thacaíocht foghlama agus leis an bpríomhoide. Pléifear na torthaí don scoil uile ag cruinniú foirne.
- Cuirfear na torthaí ar fáil do thuismitheoirí de réir mar atá leagtha síos in Imlitir 0138/2006.
- Cuirfidh an fhoireann teimpléad le chéile ag tabhairt treoracha do mhúinteoirí ar chonas na torthaí a chur in iúl go héifeachtach do thuismitheoirí de réir Imlitir 0138/2006.

D Scagadh: (*Féach Treoirilínte Tacaíochta Foghlama agus Imlitir 02/05*)

- Úsáidtear M.I.S.T chun luathaithe ábaltachtaí / deacrachtaí foghlama daltaí a éascú.
- Riarann an múinteoir ranga agus an fhoireann tacaíochta na tástálacha.
- Déanann an múinteoir ranga agus an fhoireann tacaíochta anailís ar na torthaí
- Déanann an múinteoir ranga idirghabháil ar leith de thoradh scagtha (*Céim 1 Imlitir 02/05*)
- Má cheaptar go bhfuil gá le luath-idirghabháil ar leith ón bhfoireann tacaíochta sa rang sin bíonn cruinniú idir an múinteoir ranga agus duine den fhoireann tacaíochta chun é sin a phleanáil
- Má tá sé soiléir ansin ag deireadh na bliana go bhfuil deacrachtaí ar leith ag daltaí áirithe i litearthach nó in uimhreach agus go bhfuil gá le tástáil dhiagnóiseach bíonn cruinniú ag an múinteoir ranga leis na thuismitheoirí. Le cead ó na thuismitheoirí déantar measúnacht dhiagnóiseach go luath i rang a haon
- Úsáidtear na triallacha scagaidh seo a leanas le ranganna agus le grúpaí éagsúla mar is cuí
 - *New Non-Reading Intelligence Tests, Levels 1-3, D. Young, Hodder & Stoughton*
 - *Dyslexia Screening Test*
 - *Neal Analysis of Reading Ability*
 - *Aston Index*

- Buailéann an múinteoir thacaíocht foghlama nó an múinteoir ranga leis na tuismitheoirí chun na torthaí a chur in iúl
- Má mheastar go bhfuil tástáil dhiagnóiseach riachtanach téann an múinteoir ranga i gcomhairle leis na tuismitheoirí
- Déanfar tástáil dhiagnóiseach i rith na bliana de réir mar is gá. Cuirfidh an fhoireann tacaíochta in iúl don príomhoide agus do mhúinteoirí ranga go bhfuil an tástáil seo ar siúl agus ní thógfar na gnáthghrúpaí don thréimhse seo.

E Measúnacht Dhiagnóiseach:

(Féach Treoirlínte Tacaíochta Foghlama, Caibidil 4)

- Úsáidtear na tástálacha diagnóiseacha foirmiúla seo a leanas le tacaíocht foghlama iomchuí a chinneadh do dhaltaí aonair a léiríonn go bhfuil deacrachtaí foghlama acu
 - *Aston Index – Revised*, Dr. Margaret Newton & Michael Thomson, LDA
 - *Neale Analysis of Reading Ability – Revised*, Marie D. Neale, nferNelson, 1997
 - *Graded Word Reading Test*, Dr. Bridie Raban, nferNelson, 1985
- Bíonn an múinteoir ranga agus an múinteoir thacaíocht foghlama páirteach i leanaí a roghnú do mheasúnacht dhiagnóiseach
- Téann an múinteoir ranga i gcomhairle le tuismitheoirí roimh ré. Beidh foirm chaighdeánach le taifead a dhéanamh ar thoilú tuismitheoirí
- Riarann an múinteoir thacaíocht foghlama na tástálacha diagnóiseacha
- Léann an múinteoir thacaíocht foghlama na torthaí
- Cinntíonn an scoil go gcuireann torthaí na measúnachta eolas/fáisnéis ar fáil do phleananna foghlama a bheidh ann amach anseo
 - trí chóip a choimeád sa seomra thacaíocht foghlama, áit a mbeidh fáil ag an bhfoireann tacaíochta air
- I ndiaidh tástála, eagraítear cruinnithe neamhfhoirmeálta chun faisnéis a roinnt idir mhúinteoirí, tuismitheoirí
- Is iad seo a leanas na critéir a úsáidtear nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh faoi na daltaí ar cheart teagasc breise a chur ar fáil dóibh (Céim 2, Imlitir 02/05):
 - daltaí a bheidh intofa le haghaidh teagasc um thacaíocht fhoghlamtha *ba chóir tosaíocht a thabhairt do na daltaí sin a mbeidh an dul chun cinn acu ag an 10ú peircintíl nó taobh thíos de ar na teastálacha caighdeánacha léitheoireachta nó matamaitice.*
 - daltaí ar a bhfuil deacrachtaí foghlamtha agus san áireamh anseo beidh daltaí ar a bhfuil miondeacrachtaí teanga agus urlabhra, daltaí ar a bhfuil deacrachtaí imeallacha sóisialta nó mothúchánacha mar aon le daltaí ar a bhfuil miondeacrachtaí comhordaithe nó rianú aire a bhainfidh le mí-ord aitheantais mar diospráicea , ADD, ADHD.
 - daltaí ar a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta uathu ag éirí as ardtarlú míchumais (imeallach mionmhíchumas foghlamtha ginearálta, mionmhíchumas foghlamtha ginearálta agus míchumas foghlamtha ar leith) (Imlitir 02/05)
- Déanann an fhoireann tacaíochta, i gcomhairle leis an bpríomhoide agus leis an múinteoir ranga, cinneadh ar cé acu an cineál tacaíochta is fearr a fheidhmiú le haghaidh daltaí ar leith, teagasc aon-le-haon nó i ngrúpaí nó meascán den dá cheann, an cinneadh a bheith beann ar chineál na riachtanas.
- Má shíltear go bhfuil sé riachtanach dul i gcomhairle le síceolaí (An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais nó eile) faoi thorthaí tástála diagnóisí, déanann an príomhoide na socrúithe do chomhairliúchán mar sin

F Measúnacht Shíceolaíoch: *(Féach Imlitir 02/05)*

- Déanann an múinteoir ranga idirchaidreamh le tuismitheoirí má mhothaítear go bhfuil gá le measúnacht síceolaíoch nó measúnacht eile (Céim 3, Imlitir 02/05). Úsáidtear foirmeacha ón Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais do mheasúnú síceolaíoch.
- Tá an príomhoide freagrach as measúnacht ó síceolaí a iarraidh agus a eagrú. Tá na tuismitheoirí freagrach as measúnacht ó Theiripeoir Urlabhra & Teanga, Éisteolaí, eile...
- Úsáidtear an measúnacht chun plean oideachais aonair a dhréachtú
- Coinnítear tuarascálacha an tsíceolaí i gcomhadchaibinéad san oifig agus tá an príomhoide i gceannas ar rochtain orthu

G Cuntas a choimeád ar thorthaí measúnachta

- Coimeádtar cuntas ar mhodhanna measúnachta neamhfhoimiúla i bhfillteán an dalta nó i bhfillteán ranga sa seomra ranga. Coimeádtar cuntas ar na tástálacha caighdeánaithe agus ar tástálacha scagtha san oifig. Coimeádtar cuntas ar mheasúnacht dhiagnóiseach sa seomra thacaíocht foghlama. Coinnítear tuarascálacha an tsíceolaí i gcomhadchaibinéad san oifig.
- Tá a fhios ag múinteoirí faoin riachtanas atá ann tuairimí a thaifead ar shlí oibiachtúil agus oiliúnach
- Cuirtear sonraí leochailleacha in iúl don phríomhoide agus coimeádtar cuntas air seo san oifig.
- Aistrítear eolais oiriúnaigh ar mheasúnachtaí ó mhúinteoir go múinteoir ag cruinnithe neamhfhoirmeálta .

Critéir Rathúlachta

- Feidhmíonn nósanna imeachta go maith agus go héifeachtach mar go bhfuil soiléireacht ann faoin rud a bhfuil súil leis agus cé atá freagrach as gnéithe eile.
- Tarlaíonn aistriú faisnéise ó mhúinteoir ranga go múinteoir ranga go héifeachtach ag tús/deireadh na scoilbhliana.

Rólanna agus Freagracht

Tá an príomhoide, na múinteoirí ranga agus an fhoireann tacaíochta freagrach as cur i bhfeidhm an pholasaí.

Athbhreithniú

Cruthaithe	Márta 2007
Athbhreithniú Déanta	Samhain 2014
Athbhreithniú le déanamh	Samhain 2014

